

Everyone's a Winner Buaiteoir é Gach Duine

2006 Annual Report
Tuarascáil Bhliantúil



Our Vision

To provide exciting and engaging lottery games that bring fun and entertainment to everyone. As a result, we aim to be the best-known brand in Ireland.

Our Mission

To operate a world-class lottery for the people of Ireland, raising funds for good causes, on behalf of the Government.

Our Values

- ***Integrity***

We're fair and honest in everything we do and operate to the highest professional standards in all our activities.

- ***Innovation***

We manage our business in a dynamic and progressive way that best meets the challenges of an ever-changing society.

- ***Teamwork***

We work together as a team in which everyone supports and encourages each other.

Ár bhFís

Cluichí crannchuir spreagúla agus mealltacha a chur ar fáil, a thugann spraoi agus caitheamh aimsire do chách. Mar thoradh air sin, is mian linn bheith ar an mbranda is mó aithne in Éirinn.

Ár Misean

Crannchur de chaighdeán domhanda a réachtáil do mhuintir na hÉireann, cistí a chruinniú do dhea-chúiseanna, thar ceann an Rialtais.

Ár Luachanna

- ***Ionracas***

Bíimid cóir agus cothrom inár gcuid oibre uile agus feidhmíimid de réir na gcaighdeán proifisiúnta is airde inár gcuid gníomhaíochtaí.

- ***Nuálaíocht***

Bainistímid ár ngnó ar bhealach dinimiciúil agus forásach is fearr a fhreagraíonn do dhúshláin shochaí atá ag síor athrú.


- ***Obair Bhuíne***

Oibrímid le chéile mar fhoireann ina dtacaíonn agus ina spreagann daoine a chéile.




Our Results Ár dTorthaí


Sales
Díolachán




Prizes
Duaiseanna



Costs
Costais



Surplus
Barrachas



Contents

Our Results	1
Chairman's Statement	2
Review of Operations	14
Directors & Management	22
Report of the Directors	24
Statement of Directors' Responsibilities	31
Report of the Independent Auditor	32
Accounting Policies	34
Profit and Loss Account	36
Balance Sheet	37
Cash Flow Statement	38
Notes to the Financial Statements	39
Photo Captions	44

Ábhar

Ár dTorthaí	1
Ráiteas an Chathaoirligh	2
Athbhreithniú Oibríochta	14
Na Stiúrthóirí & an Bhainistíocht	22
Tuarascáil na Stiúrthóirí	24
Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	31
Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách	32
Polasaithe Cuntasáiochta	34
Cuntas Brabúis agus Cailteanais	36
Clár Comhardaithe	37
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	38
Nótaí ar na Ráitis Airgid	39
Ceannteidil na nGrianghraf	44

Chairman's Statement

Ráiteas an Chathaoirligh

2006 was an extremely active year for the National Lottery with changes introduced in many areas of the business. It is with great pride that we are reporting sales growth of 10.2% and record funds raised for good causes during the year. This is the largest revenue increase since 1991. It is an excellent performance and marks a step change in the continuing success of Ireland's National Lottery.

Bliain an-ghníomhach don Chrannchur Náisiúnta ba ea 2006 agus tréimhse inar tugadh isteach athruithe i go leor réimsí den ghnó. Ábhar mór bróid dúinn ar dú 10.2% ar dhíolachán a bheith á thuairisciú againn maille le barrleibhéal nua cistíochta do dhea chúiseanna a bheith bainte amach i rith na bliana. Tá sé seo ar an méadú ioncain is mó ó 1991. Sár-fheidhmiú atá ann agus céim chun tosaigh ó thaobh ratha de do Chrannchur Náisiúnta na hÉireann.

Sales increased from €616.4 million to a record €679.1 million in the year under review. We continued to grow the EuroMillions game, while developing our core Lotto games and our scratch card game range. The most significant development during the year was the change to the Lotto game structure introduced in November.

In 2006 we generated funds of €217.5 million for good causes, up 7% from €203.2 million in the previous year. Of every Euro spent on National Lottery games, including EuroMillions, 32 cent is returned to good causes all over the country. Cumulatively, over the last 19 years since the launch of the National Lottery, more than €2.6 billion has been raised for good causes. This has made a measurable difference to the lives of many people living in Ireland'.

In addition to the funds raised for good causes, the National Lottery also returns money to the community through prizes paid to winners. In 2006 our players won €362.1 million in prizes, up 11.5% from €324.8 million in the previous year. That's an average of almost €1 million paid in prizes every day of the year.

Our draw based games – Lotto and EuroMillions - between them generated €507.2 million of our total sales, an increase of 16.3% from the 2005 combined figure of €436.3 million. Sales of the Lotto group of games were €361.9 million, down 4.1% from the previous year, while EuroMillions sales were up 145.7% to €145.3 million, from €59.1 million in 2005. While there was a drop of €15.3 million on overall Lotto games revenue, EuroMillions added €86.2 million to our sales. This gave a net increase of €70.9 million for draw based games

The EuroMillions game was launched in late 2004 and the enthusiasm with which it has been greeted by our players is apparent. Following the major €115 million Irish win in 2005, still the single biggest ever Lottery prize in Europe, we had two further big wins of €9.6 million each in 2006.

There was a lot of activity on the scratchcard game side of the business during 2006 with a total of 20 new games launched alongside our seven regular games. During the year we reviewed the prize structure across all our scratchcard games and introduced exciting new features for players. Sales of scratchcard games at the year end were €157.4 million accounting for 23% of total turnover.

While introducing major change initiatives during the year, operating costs were kept to 14.6% of sales, compared to the 2005 level of

Mhéadaigh an díolachán ó €616.4 milliún go dtí €679.1 milliún – buaicphointe nua – sa bhliain atá faoi chaibidil. Leanamar de bheith ag fás cluiche EuroMillions agus ag an am céanna d'fhorbraíomar ár mbuncluichí Lotto agus raon ár gcluichí scríobcháirtaí. B'é an t-athrú ar ár gcluiche Lotto, a tugadh isteach i mí na Samhna, an fhorbairt ba shuntasá a tharla le linn na bliana.

I 2006 thuilleamar cistí dar luach €217.5 milliún do dhea-chúiseanna: méadú 7% é seo ar an €203.2 milliún a thuilleamar sa bhliain roimhe sin. Caitear 32% de gach Euro, a chaitear ar chluichí an Chrannchuir Náisiúnta, EuroMillions san áireamh, ar dhea-chúiseanna ar fud na tíre. Ó seoladh an Crannchuir Náisiúnta 19 bliana ó shin cruinníodh go carnach os cionn €2.6 billiún do dhea-chúiseanna. Ní beag an difríocht a rinne sé seo d'an-chuid daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn.

De bhreis ar airgead a chruinniú do dhea-chúiseanna tugann an Crannchur Náisiúnta airgead thar n-ais don phobal trí na duaiseanna a íoctar le buaiteoirí. I 2006 bhain ár n-imreoirí €362.1 milliún mar dhuaiseanna: méadú 11.5% é seo ar an €324.8 milliún sa bhliain roimhe sin. Is ionann é seo agus meán de beagnach €1 milliún a íoctar mar dhuaiseanna gach lá den bhliain.

Ghnóthaigh ár gcluichí, atá bunaithe ar chrannchuir, Lotto agus EuroMillions, €507.2 milliún d'ár ndíolachán iomlán eatarthu: méadú 16.3% é seo ar an gcomhfhigiúr de €436.3 milliún a baineadh amach i 2005. Bhí díolachán €361.9 milliún, nó titim de 4.1% ón mbliain roimhe sin, ar ghrúpa cluichí Lotto ach bhí méadú 145.7% go dtí €145.3 milliún ar dhíolachán EuroMillions ó €59.1 milliún i 2005. An fhaid is a bhí titim de €15.3 milliún ar ár n-ioncam foriomlán ó chluichí Lotto, chuir EuroMillions €86.2 milliún lenár ndíolachán. Méadú glan €70.9 milliún é seo ar ár gcluichí atá bunaithe ar chrannchuir.

Seoladh cluiche EuroMillions déanach i 2004 agus is léir cén díograis lenar glacadh leis. Anuas ar an mbua Éireannach de €115 milliún i 2005, atá fós ar an duais is mó a buadh riamh i gcrannchur san Eoraip, bhí dhá mhórbhua de €9.6 milliún an ceann againn i 2006.

Bhí an-chuid gníomhaíochta ar thaobh scríobcháirtaí an ghnó le linn 2006 agus seoladh 20 cluiche nua de bhreis ar ár seacht ngnáth-chluiche. Rinneamar athbhreithniú le linn na bliana ar struchtúr duaise ár gcluichí scríobcháirtaí ar fad agus thugamar isteach gnéithe nua spreagúla do na himreoirí. B'ionann an díolachán ar na cluichí scríobcháirtaí ag deireadh na bliana agus €157.4 milliún nó 23% den láimhdeachas iomlán.

Coinníodh na costais oibriúcháin ar leibhéal 14.6% den díolachán i gcomparáid le 14.3% i 2005. B'é €79.8 milliún costas an díolachán

Donal Connell

Chairman, 20 February, 2007
Cathaoirleach, 20 Feabhra, 2007



14.3%. Our cost of sales (excluding prizes) was €79.8 million, and includes €42.1 million, or 6.2% of sales paid, to our 3,489 agents in commissions and bonuses. Cost efficiency is a priority for our business, and we were pleased to be able to keep costs well below the level permitted in our licence. Our administration costs, including salaries and office support, for 2006 were €16.8 million, or 2.5% of sales.

As our business expands the demands on our existing resources – employees, agents and systems – are ever greater, and I would like to thank all involved for their commitment and hard work in 2006. It was an extremely busy year in which a number of key changes were implemented successfully across all sectors of our business.

My predecessor Donal Curtin was Chairman of the National Lottery for three years until July 2006 when he completed his term of office. Ray Bates' term as Director on the Board also ended in June. I would like to thank them both for their enormous contribution to the National Lottery.

I am very pleased to welcome new director Barbara Patton to the National Lottery Board and also our National Lottery Director, Dermot Griffin joined the Board during the year. Together with their Board colleagues they provided strong direction for the business as it enters a new phase of growth and development.

Throughout the year our shareholders, the Minister for Finance and An Post, continued to provide much appreciated support and guidance.

During 2006 the Department of Finance granted An Post National Lottery Company a two year extension of our licence. The current licence now runs until 31 December, 2010. We are delighted to have this further opportunity to continue to develop the business.

In 2007, Ireland's National Lottery will celebrate its 20th birthday. Over the last 20 years the Lottery has become an integral and valued part of Irish society – raising funds, providing entertainment, and celebrating winners. Our key business focus in the coming year will be to develop the National Lottery and increase the attraction of our games in a socially responsible manner while continuing to deliver ever more funds for good causes.

I look forward to working with the Board to realise this vision.

(gan duaiseanna a áireamh) agus áirítear anseo €42.1 milliún nó 6.2% den díolachán a íocadh i bhfoirm choimisiúin nó bónais lenár 3,489 gníomhaire. Tosaíocht d'ár ngnó is ea éifeachtacht costais, agus bhí áthas orainn go raibh ar ár gcumas na costais a choimeád go maith faoi bhun an leibhéil a cheadaítear inár gceadúnas. B'ionann ár gcostais riaracháin, tuarastail agus tacaíocht oifige san áireamh, i 2006 agus €16.8 milliún, nó 2.5% den díolachán.

De réir mar a fhásann ár ngnó méadaíonn na héilimh ar na hacmhainní atá againn – fostaithe, gníomhairí agus córais – agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo uile as a dtiomantas agus a ndiansaothar i 2006. Bliain fíor-ghnóthach a bhí ann agus tráth nuair a d'éirigh linn roinnt eochair-athruithe a chur i bhfeidhm thar réimsí uile ár ngnó.

B'é Donal Curtin a chuaigh romham agus bhí sé mar Chathaoirleach ar an gCrannchur Náisiúnta go dtí mí Iúil 2006 nuair a chríochnaigh sé a théarma oifige. Tháinig téarma oifige Ray Bates mar Stiúrthóir ar an mBord chun deiridh freisin i mí an Mheithimh. Ba dheas liom buíochas a ghabháil leo beirt as an gcomaoin chabhartha a chuir siad ar an gCrannchur Náisiúnta.


Tá an-áthas orm fáilte a fhearadh roimh stiúrthóir nua ar Bhord an Chrannchuir Náisiúnta, Barbara Patton, agus freisin roimh Stiúrthóir an Chrannchuir Náisiúnta, Dermot Griffin, a tháinig ar an mBord le linn na bliana. I dteannta a gcomhghleacaithe Boird, chuir siad treoir láidir ar fáil don ghnó agus é ag tosú ar thréimhse nua fáis agus forbartha.

Lean ár scairshealbhóirí, an tAire Airgeadais agus An Post, de bheith ag soláthar tacaíochta agus teorach, a raibh mórmheas orthu, le linn na bliana ar fad.

Le linn 2006 dheonaigh an Roinn Airgeadais síneadh dhá bhliana ceadúnais do Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist. Beidh feidhm leis an gceadúnas reatha go dtí 31 Nollaig, 2010. Tá áthas orainn an deis bhreise seo a bheith againn chun leanúint de bheith ag forbairt an ghnó.

I 2007, ceiliúrfaidh Crannchur Náisiúnta na hÉireann a 20ú breithlár. Le 20 bliain anuas d'fhás an Crannchur mar dhlúthchuid luachmhar den sochaí Éireannach – ag cruinniú cistí, ag soláthar caitheamh aimsire agus ag ceiliúradh buaiteoirí. Beidh sé mar eochair aidhm againn sa bhliain atá romhainn amach an Crannchur Náisiúnta a fhorbairt agus mealladh a chuid cluichí a mhéadú ar bhealach freagrach sóisialta an fhaid is a bheidh acmhainní breise á gcur ar fáil do dheachúiseanna.

Táim ag súil le bheith ag obair i bpáirtíocht leis an mBord chun an fhís seo a fhíorú.



For our players we
create games with
integrity and fun

Cruthaímid cluichí
d'ár n-imreoirí le
hionracas agus le spraoi

Winners facts and figures
Buaiteoirí – fíricí agus figiúirí

€1,000,000

was the highest prize on the Winning Streak Win a Million game show. It was won by Brigid Foran from Wexford in December 2006.

ba ea an duais ba mhó ar sheóchlúiche Winning Streak Win a Million. Brigid Foran ó Loch Garman a bhain í i mi na Nollag 2006.

42

winners from the Fame & Fortune TV game show won a luxury 5-day trip to New York with their guests, plus \$5,000 spending money, in November 2006.

buaiteoir ó sheóchlúiche teilifíse Fame & Fortune a bhuaigh só-thuras 5 lá go Nua Eabhrac lena n-aíonna, maille le \$5,000 le caitheamh.



25

winners became new Lotto millionaires in 2006, and there were 79 winners of Lotto Plus top prizes during the year.

buaiteoir ar rinneadh milliúnaithe díobh i 2006, agus bhuaigh 79 buaiteoir barrdhuaiseanna Lotto Plus le linn na bliana.

€184 million

was the largest EuroMillions jackpot in February 2006. There were 104,010 Irish cash prizewinners in that draw.

ba ea an bhuaidhuais EuroMillions ba mhó i mí Feabhra 2006. Bhí 104,010 buaiteoir airgid Éireannach sa chrannchuir sin.

A photograph of a woman with brown hair, smiling warmly, handing a lottery ticket to a customer. She is wearing a dark jacket and a watch. The background shows shelves stocked with various items, likely in a shop or lottery outlet.

For our agents we are constantly innovating to bring revenue and reward

Bímid ag nuáil de shíor chun ioncam agus luaíocht a fháil d'ár ngníomhairí

Agents facts and figures
Gníomhairí - fíricí agus figiúirí

€42.1 million

was paid to agents in commission and bonuses during 2006, a 10% increase on the 2005 figure.

a íocadh le gníomhairí i bhfoirm choimisiúin agus bónais le linn 2006, méadú 10% ar fhigiúirí 2005.

238 million

ticket transactions were processed by 3,489 National Lottery agents during the year.

idirbheart ticéad a phróiseáil 3,489 gníomhaire de chuid an Chrannchuir Náisiúnta le linn na bliana.



250

lucky participants on the Winning Streak and Fame & Fortune TV game shows in 2006 purchased their lucky scratchcards in National Lottery agent shops countrywide.

rannpháirtí i seóchluichí Winning Streak agus Fame & Fortune a raibh an t-ádh leo agus a cheannaigh a scríobcháirtí an áidh i siopaí ghníomhairí an Chrannchuir Náisiúnta ar fud na tíre.

€12,500

was the bonus earned by each of the 2 National Lottery agents – Colemans of Millstreet, Co. Cork and Kellys of Foynes, Co. Limerick – when they sold the two tickets for prizes of over €9.6 million each for the €183 million EuroMillions draw in November 2006.

ba ea an bónas a bhuaigh 2 ghníomhaire de chuid an Chrannchuir Náisiúnta – Colemans ó Shráid an Mhuilinn, Co. Chorcaí agus Kellys ó Fhaing, Co. Luimnigh nuair a dhíol siad an dá thicéad do dhuaisanna arbh fhiú os cionn €9.6 milliún an ceann iad don chrannchur EuroMillions i mí na Samhna 2006 arbh fhiú os cionn €183 milliún é.

For our staff,
we encourage
an environment of
teamwork and respect

Cothaímid timpeallacht
d'obair bhuíne agus
measa d'ár bhfoireann

Staff facts and figures
Foireann – fíricí agus figiúirí

78

National Lottery staff worked with retail agents, players and winners in 2006.

ball foirne de chuid an Chrannchuir Náisiúnta a shaothraigh le gníomhairí miondiola, imreoirí agus buaiteoirí i 2006.

27

scratchcard games were supported by National Lottery staff in 2006.

cluiche scríobchártaí a fuair tacaíocht ó fhoireann an Chrannchuir Náisiúnta i 2006.





6/45


Lotto was the new game development launched in 2006, involving teamwork and flexibility across all National Lottery company disciplines.

ba ea an fhorbairt chluichíochta nua a seoladh i 2006, a éalaíonn obair bhuíne agus solúbthacht thar disciplíní uile chomhlacht an Chrannchuir Náisiúnta.

2006

was the year that the successful efforts of all National Lottery staff led to a 2 year extension of the licence to operate the National Lottery being granted by the Department of Finance.

ba ea an bhliain ina raibh de thoradh ar iarrachtaí rathúla fhoireann iomlán an Chrannchuir Náisiúnta gur thug an Roinn airgeadais síneadh 2 bliana don cheadúnas chun an Crannchur Náisiúnta a réachtáil.



But that's not all

Ach ní shin iomlán
an scéil

SPORTS CAPITAL PROGRAMME

DEVELOPMENT OF SPORT
& RECREATIONAL SPORTS
FACILITIES

IRISH SPORTS COUNCIL GRANTS

ARTS COUNCIL GRANTS

FUND FOR COMMUNAL
FACILITIES IN VOLUNTARY
HOUSING SCHEMES

TASK FORCE ON SPECIAL
HOUSING AID FOR THE ELDERLY

ARCHAEOLOGY

ARCHITECTURE RESEARCH

BIODIVERSITY

BUILDINGS AT RISK

LOCAL HERITAGE

MUSEUMS

PUBLICATIONS

WILDLIFE

GRANTS TO HEALTH
AGENCIES AND OTHER
SIMILAR ORGANISATIONS

SERVICES FOR THE ELDERLY

SERVICES FOR THE MENTALLY
HANDICAPPED

CHILD CARE SERVICES

PUBLIC HEALTH SERVICES

PHYSICAL HANDICAP SERVICES

HEALTH PROMOTION

BUILDING, EQUIPPING
AND FURNISHING OF
HEALTH FACILITIES

IRISH LANGUAGE
FUND FOR THIRD LEVEL
INSTITUTIONS OVERSEAS

FUND FOR ADULT EDUCATION
ORGANISATIONS

GRANTS TO COLLEGES
PROVIDING COURSES
IN IRISH LANGUAGE

PUBLICATIONS IN IRISH

FUND FOR CULTURAL,
SCIENTIFIC AND
EDUCATIONAL
ORGANISATIONS

YOUTH GRANTS

CLÁR CAIPITIL SPÓIRT

FORBAIRT SPÓIRT & ÁISEANNA
SPÓIRT MAR CHAITHEAMH
AIMSIRE

DEONTAIS CHOMHAIRLE SPÓIRT
NA HÉIREANN

DEONTAIS NA COMHAIRLE
EALAÍON

AN CISTE D'ÁISEANNA POBAIL
I SCÉIMEANNA DEONACHA
TITHÍOCHTA

AN TASCFHÓRSA UM
THITHÍOCHT SPEISIALTA DO
DHAOINE AOSTA

SEANDÁLAÍOCHT

TAIGHDE AILTIREACHTA

BITHÉAGSÚLACHT

FOIRGNIMH I MBAOL

OIDHREACTH ÁITIÚIL

IARSMALANNA

FOILSEACHÁIN

FIADHÚLRA

DEONTAIS D'ÁISÍNEACHTAÍ
SLÁINTE AGUS D'EAGRAÍOCHTAÍ
DÁ SHÓRT

SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE AOSTA

SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE
MEABHAIRÉALANGACHA

SEIRBHÍSÍ CHÚRAM LEANAÍ

SEIRBHÍSÍ POIBLÍ SLÁINTE

SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE
ÉAGUMASACHA

CUR CHUN CINN SLÁINTE

TÓGÁIL, TREALLMHÚ AGUS
FEARASTÚ ÁISEANNA SLÁINTE

CISTE GAELIGE D'INSTITIÚIDÍ
TRÍÚ LEIBHÉIL THAR LEAR

CISTE D'EAGRAÍOCHTAÍ
AOSOIDEACHAIS

DEONTAIS DO CHOLÁISTÍ
A SHOLÁTHRAÍONN CÚRSAÍ
I NGAELIGE

FOILSEACHÁIN I NGAELIGE


CISTE D'EAGRAÍOCHTAÍ
CULTÚRTHA, EOLAÍOCHTA
AGUS OIDEACHAIS

DEONTAIS DON ÓIGE

**We generate funds for
good causes throughout
Ireland in the areas of
YOUTH, SPORT, RECREATION, AMENITIES,
HEALTH & WELFARE, ARTS, CULTURE,
NATIONAL HERITAGE AND IRISH LANGUAGE**

**Ginimid cistí do dhea-
chúiseanna ar fud na
hÉireann i réimsí mar**

**AN ÓIGE, SPÓRT, CAITHEAMH AIMSIRE,
ÁISEANNA, SLÁINTE & LEAS SÓISIALTA,
NA HEALAÍONA, CULTÚR, OIDREACTH
NÁISIÚNTA AGUS AN GHAEILGE**



©INPHOGETTY IMAGES

Youth, Sport, Recreation, Amenities

An Óige, Spórt, Caitheamh Aimsire agus Áiseanna

IRISH SPORTS COUNCIL

Derval O'Rourke (pictured above) won gold in the 60 metre hurdles at the World Indoor Championships in Moscow in March of 2006. She also won a silver medal in the 100 metres hurdles at the European Championships in Gothenburg in August 2006.

Derval is one of the many Irish athletes and players who receive funding from the International Carding Scheme administered by the Irish Sports Council which is part funded by the National Lottery through the Department of Arts, Sports and Tourism. In 2006, under this scheme, Ireland's elite athletes and players received €2.1 million in grant aid.

COMHAIRLE SPÓIRT NA HÉIREANN

Bhuaigh Derval O'Rourke (sa phictiúr thuas) an t-ór sna cliatha 60 méadar sna Craobhcluichí Domhanda Laistigh i Moscó mí an Mhárta 2006. Bhuaigh sí bonn airgid sna cliatha 100 méadar ag na Craobhcluichí Eorpacha ag Gothenburg mí Lúnasa 2006.

Tá Derval ar dhuine de mhórán lúthchleasaithe Éireannacha a fhaigheann maoiniú ón Scéim Idirnáisiúnta Cardála a fhaigheann cuid dá mhaoiniú ón gCrannchur Náisiúnta tríd an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Faoin scéim seo, fuair scoth lúthchleasaithe agus imreoirí na hÉireann €2.1 milllún i bhfoirm deontais i 2006.



©PHOTO COURTESY MIKE SHAUGHNESSY, GALWAY ADVERTISER

Health & Welfare

Sláinte & Leas Sóisialta

IRISH KIDNEY ASSOCIATION

Alanna Moloney, Kingston, Galway, (pictured above) attended the Galway launch of Organ Donor Awareness Week in 2006. A few weeks later, Alanna's Dad, Declan Moloney, received a kidney transplant.

In 2006, 233 patients benefited from organ transplant. The Irish Kidney Association which administers the Organ Donor Awareness Programme received €550,000 part funded by the National Lottery Beneficiary Fund through the Department of Health and Children in 2006.

These funds were used to support events, such as Organ Donor Awareness Week. The funding also assisted in the distribution of 300,000 donor cards and information fact sheets countrywide.

CUMANN DUÁN NA HÉIREANN

D'fhreastail Alanna Moloney, Kingston, Gaillimh, (sa phictiúr thuas) ar sheoladh na Gaillimhe den tSeachtain um Fheasacht Dheonadh Orgáin, i 2006. Seachtainí beaga ina dhiaidh sin, fuair Daid Alanna, Declan Moloney, trasphlandáil duáin.

I 2006, bhain 233 othar leas as trasphlandáil orgáin. Fuair Cumann Duán na hÉireann, a reáchtálann a Chlár um Fheasacht Dheonadh Orgáin, €550,000, a dtagann cuid de ó Chiste Thairbhíthe an Chranachur Náisiúnta, tríd an Roinn Sláinte agus Leanaí.

Úsáideadh na cistí seo chun tacú le himeachtaí, dála na Seachtaine um Fheasacht Dheonadh Orgáin. Baineadh leas as an maoiniú freisin chun 300,000 cártaí deontóra agus bileoga fíricí eolais a scaipeadh ar fud na tíre.



Arts, Culture, National Heritage



Irish Language

Na hEalaíona, Cultúr, Oidhreacht Náisiúnta

FABULOUS BEAST DANCE COMPANY

Song, dance, spoken word, imagery and music are all used to explore the human condition in the artistic work of Fabulous Beast Dance Company which began in Cork in 1997. The company is dedicated to the creation of excellent and innovative dance theatre and has produced many award-winning productions. The Company has toured extensively in Europe and America with their acclaimed production 'Giselle'. Their new work, 'The Bull', will be presented at the Barbican in London in 2007. Other recent productions include 'The Flowerbed, Fragile' and 'The Good People'.

In 2006, the Company received €270,000 in funding through the Arts Council which is part funded by the National Lottery Beneficiary Fund through the Department of Arts, Sports and Tourism.

COMPLACHT DAMHSA AN BHEITHÍGH FHABHLAIGH

Úsáidtear amhráin, rince, an focal labhartha, íomháiníocht agus ceol chun staid an duine a iniúchadh in obair cheannródaíochta Chomplacht Damhsa an Bheithígh Fhabhlaigh a thosaigh i gCorcaigh i 1997. Tá an complacht tiomanta chun téatar damhsa nuálaíoch den scoth a chruthú agus bhí mórán léirithe, a bhain duaiseanna, acu go nuige seo. Thaisdeal an complacht go forleathan san Eoraip agus i Meiriceá lena léiriú mórchlú 'Giselle'. Cuirfear a shaothar nua 'The Bull' i láthair sa Barbican i Londain i 2007. Ar na léirithe a bhí aige le déanaí bhí 'The Flowerbed', 'Fragile' agus 'The Good People'.

I 2006 fuair an complacht €270,000 mar mhaoiniú ón gComhairle Ealaíon, a fhaigheann sciar dá cuid airgid ó Chiste Tairbhíthe an Chrannchuir Náisiúnta tríd an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta.

An Ghaeilge

COMHALTAS CEOLTÓIRÍ ÉIREANN

The 400 branches of Comhaltas Ceoltóirí Éireann in Ireland and worldwide, come together to organise traditional music sessions, classes, concerts, festivals, exhibitions, fleadhanna ceoil and assists in keeping alive the culture of traditional music. Through classes for young musicians Comhaltas Ceoltóirí Éireann helps to develop creative skills and artistic talent by promoting our native musical heritage and the Irish language. In 2006 Comhaltas Ceoltóirí Éireann received €1,470,000 through Ciste na Gaeilge which is funded by the National Lottery Beneficiary fund through the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs.

COMHALTAS CEOLTÓIRÍ ÉIREANN

Tagann na 400 craobh de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann in Éirinn agus timpeall an domhain le chéile chun seisiúin cheoil traidisiúnta, ranganna, ceolchoirmeacha, féilte, taispeántais agus fleánna ceoil chun tacú le caomhnú an cheoil traidisiúnta. Lena ranganna do cheoltóirí óga, cuidíonn Comhaltas Ceoltóirí Éireann le scileanna cruthaitheacha agus tallann ealaíonta a fhorbairt chun ár n-oidhreacht dhúchasach ceoil agus an Ghaeilge a chur chun cinn. I 2006 fuair Comhaltas Ceoltóirí Éireann €1,470,000 trí Chiste na Gaeilge a mhaoiníonn an Crannchur Náisiúnta tríd an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Review of Operations

Athbhreithniú Oibríochta

2006 was my first year as National Lottery Director and it was both a busy and rewarding twelve months. There were many highlights, not least of which was the completion of an internal analysis which I believe will serve the National Lottery well in the years to come. We undertook a review of the business and re-examined the National Lottery's vision and mission in the context of a changing Ireland.

B'í 2006 mo chéad bhliain mar Stiúrthóir ar an gCrannchur Náisiúnta agus ba thréimhse dhá mhí déag gnóthach agus tairbheach í. B'iomáí rud suntasach a tharla, ina measc críochnú anailíse inmheánaí a rachaidh chun tairbhe don Chrannchur Náisiúnta sna blianta atá romhainn amach, dar liom. Scaoileamar faoi athbhreithniú ar an ngnó agus scrúdaíomar as an nua fíis agus misean an Chrannchuir Náisiúnta i gcomhthéacs Éire an lae inniu atá ag síor-athrú.



Our restated vision for the business is to provide exciting and engaging lottery games that bring fun and entertainment to everyone. Our mission is to operate a world class lottery for the people of Ireland, raising funds for good causes, on behalf of the Government. In carrying-out this mission and realising the vision we are committed to applying the values of integrity, innovation and team work.

The impact of this review process on the business manifested itself in the introduction of changes, to grow and develop the National Lottery for our players, beneficiaries, agents, shareholders and employees. There were five key areas of change initiatives during 2006. These included the Lotto game, where the structure was significantly changed; the scratchcard sector of our business where we introduced greater choice for players and the EuroMillions game where we continued to drive growth. Other areas of focus during the year were the development of new games for internet and mobile phones, which will deliver new business growth in the future, and the organisation itself where we invested in putting a robust structure in place to support the business.

The result at the end of the year was the achievement of a 10.2% growth in the business, representing the highest revenue growth in 15 years, and the generation of a record amount of money for good causes.

Players

A key area of focus during 2006 was that of prize levels and prize structures across all our games. Player feedback indicated that players felt that National Lottery prizes were not as compelling or as significant as they had once been relative to the cost of living.

Towards the end of the year we introduced major changes to the Lotto prize structure, including a new guaranteed minimum jackpot of €2 million. We also increased prize payout levels across our scratchcard games during 2006.

Over the past twelve months our players won a total of €362.1 million in prizes, up from €324.8 million in 2005. This figure excludes the top two EuroMillions winners who were paid from the consolidated European Prize Pool.

Every day during the year there was an average of 80,000 winners of National Lottery prizes across all prize categories.

Tá mar fhís athshonraithe againn don ghnó cluichí crannchuir spreagúla, agus mealltacha a sholáthar a thabharfaidh idir spraoi is caitheamh aimsire do gach duine. Tá mar mhisean againn crannchur de chaighdeán domhanda a reáchtáil do mhuintir na hÉireann, cistí a chruinniú do dhea-chúiseanna, thar ceann an Rialtais. Agus sinn ag baint amach an mhísin seo agus ag fíorú na fríse, táimid tiomanta do na luachanna a ghabhann le hionracas, nuálaíocht agus obair bhuíne.

Léiríodh éifeacht phróiseas seo an athbhreithnithe ar an ngnó trí athruithe a thabhairt isteach, chun an Crannchur Náisiúnta a fhorbairt d'ár n-imreoirí, d'ár dtairbhíthe, d'ár ngníomhairí, d'ár scairshealbhóirí is d'ár bhfostaithe. Bhí cúig eochair réimsí d'athruithe ann le linn 2006. Orthusan bhí an cluiche Lotto, mar a bhfuil athruithe suntasacha ar an struchtúr; earnáil na scríobchátaí d'ár ngnó mar a chuireamar rogha níos leithne ar fáil d'ár n-imreoirí agus cluiche EuroMillions mar a leanamar de bheith ag brú an fháis. I measc na réimsí eile ar díriodh orthu le linn na bliana bhí forbairt chluichí nua don idirlíon is do theileafóin phóca, a spreagfaidh forbairt úr ghnó amach anseo, agus an eagraíocht fhéin mar a rinneamar infheistiú chun struchtúr stóinsithe a chruthú chun tacú leis an ngnó.

Bhí mar thoradh air seo ag deireadh na bliana gur baineadh amach ráta fáis de 10.2% sa ghnó, arbh ionann agus an méadú ba mhó a tháinig ar ioncam le 15 bliana anuas, agus barrfhiúir nua airgid do dhea-chúiseanna.

Na hImreoirí

Eochair-réimse ar a dhíriomar le linn 2006 ba ea leibhéal na nduaiseanna agus an struchtúr duaise thar ár gcluichí ar fad. Léirigh aiseolas ó imreoirí nár shíl na himreoirí go raibh mealladh na nduaiseanna sa Chrannchuir Náisiúnta chomh láidir is a bhí siad tráth i gcomhréir leis an gcostas maireachtála.

I dtreo dheireadh na bliana thugamar athruithe móra isteach i struchtúr an Lotto le buaicdhuais ráthaithe san áireamh le híosmhéid nach lú ná €2 milliún. Thairis sin, mhéadaíomar leibhéal na nduaiseanna a íoctar thar ár gcluichí scríobchátaí uile le linn 2006.

Le dhá mhí déag anuas, bhain ár n-imreoirí iomlán de €362.1 milliún mar dhuaiseanna – méadú ó €324.8 milliún i 2005. Ní áirítear san fhigiúr seo an dá bharrdhuais EuroMillions a íocadh as an Linn Duaise Eorpach chomhdhlúite.

Gach lá den bhliain bhí mar mheán 80,000 duine a bhuaigh duaiseanna de chuid an Chrannchuir Náisiúnta sna catagóirí éagsúla duaise.

Maureen Matthews from Dunleer, Co. Louth became the first Lotto Millionaire in 2006 when she collected a cheque for €1,350,000 in January.

Bhí Maureen Matthews ó Dhún Léire, Co. Lú, ar an gcéad Mhilliúnaí Lotto i 2006 nuair a bhailigh sí seic ar €1,350,000 i mí Eanáir.



Review of Operations

Athbhreithniú Oibríochta

Draw Based Games

Together, our draw based games – Lotto and EuroMillions – account for 75% of our business, so it is good to be able to report growth of 16.3% to a record total of €507.2 million for this section of the business in 2006. EuroMillions in particular achieved very significant growth. We also made major changes to our Lotto games, to ensure that they will continue to grow in the future.

Lotto Games

The group of Lotto games – Lotto, Lotto Plus and Lotto 5-4-3-2-1 remain the biggest single category of National Lottery games, accounting for 53.3% of total turnover. In 2006 this represented €361.9 million compared to €377.2 million the previous year. However, due to Lotto game changes introduced in November the performance improved considerably in the last quarter. This performance was particularly satisfying in the context of the extended number of choices now available to players through our developing portfolio of National Lottery games.

The core Lotto game achieved sales of €255.1 million in 2006, compared to €262.6 million in the previous year. A comprehensive review of this game during the year highlighted the fact that it was timely to introduce some major changes - the last major change to the Lotto game had been in 1994.

In early November we introduced a series of significant changes in the Lotto game to ensure that there will be bigger jackpots more regularly in the future. Three extra numbers were added giving a 6/45 matrix, whereby players can now select from 1 to 45 numbers. In addition the minimum jackpot was increased to €2 million and prizes across all Lotto categories were increased. The price per line also increased from €1 to €1.50 giving a new minimum play of €3. These changes were introduced to make the game more exciting for current players, and to increase Lotto's appeal to new players. Indications for the last two months of the year point to both these objectives being successfully achieved.

The benefits of the changes to the Lotto game became apparent very quickly when we had the largest jackpot of the year, €7.4 million, won by a lucky man from Wicklow in late December. There were a further 24 Lotto millionaires created in 2006 and 264 winners of the Match 5 plus bonus category. Lotto players won a total €129.6 million in prizes during the year, including a special Christmas jackpot bonus of €1 million and double Match 5 prizes for St Patrick's weekend.

Cluichí crannchuir

Is ionann ár gcluichí crannchuir – Lotto agus EuroMillions – agus 75% d'ár ngnó. Mar sin is dea-scéala é bheith ábalta ar ardú de 16.3% go dtí barrleibhéal nua de €507.2 milliún i 2006 a thuairisciú. Bhain EuroMillions, ach go háirithe, fás an-shuntasach. Rinneamar athruithe ar ár gcluichí Lotto freisin, chun deimhin a dhéanamh de go leanfadh an fás amach anseo.

Cluichí Lotto

Tá an grúpa de chluichí Lotto – Lotto, Lotto Plus agus Lotto 5-4-3-2-1 – ar an gcatagóir aonair is mó fós i measc chluichí an Chrannchuir Náisiúnta. Is ionann iad agus 53.3% d'ár láimhdeachas iomlán. I 2006 b'ionann é sin agus €361.9 milliún i gcomparáid le €377.2 milliún sa bhliain roimhe sin. In ainneoin sin, tháinig feabhas suntasach ar an bhfeidhmíocht sa ráithe dheiridh de bharr athruithe ar na cluichí Lotto a tugadh isteach i mí na Samhna. Bhí an fheidhmíocht seo an-sásúil i gcomhthéacs an líon méadaithe roghanna a bhí ar fáil d'imreoirí tríd ár bpunann de chluichí Lotto atá ag síor-méadú.

Bhain an lár-chluiche Lotto amach díolachán de €255.1 milliún i 2006 i gcomparáid le €262.6 milliún sa bhliain roimhe sin. Thug athbhreithniú uileghabhálach a rinneadh ar an gcluiche seo le linn na bliana chun solais go raibh sé tráthúil roinnt mórathruithe a thabhairt isteach. Ba i 1994 a rinneadh an mórathrú deiridh ar an gcluiche Lotto.

Go luath i mí na Samhna thugamar isteach sraith d'athruithe suntasacha le deimhin a dhéanamh de go mbeadh buaicdhuaiseanna níos mó ann agus iad níos minice sa todhcháí. Cuireadh trí uimhir bhreise leis an maitrís, rud a thugann maitrís 6/45, a chuireann ar chumas imreoirí uimhreacha a roghnú ó 1 go 45. De bhreis air sin, méadaíodh an bhuaicdhuais a b'ísle go dtí €2 milliún agus méadaíodh na duaiseanna thar na catagóirí Lotto uile. Méadaíodh an praghas in aghaidh na líne ó €1 go €1.50, rud a thugann íosléibhéal imeartha nua de €3. Tugadh isteach na hathruithe seo chun an cluiche a dhéanamh níos spreagúla do na himreoirí reatha agus chun Lotto a dhéanamh níos tarraingtí d'imreoirí nua. Tugann tásca sa dá mhí dheiridh den bhliain le fios go bhfuil an dá aidhm sin á mbaint amach.

Bhí na buntáistí a bhain leis na hathruithe ar chluiche Lotto rí-shoiléir nuair a bhain fear as Cill Mhantáin, a raibh an t-ádh leis, an bhuaicdhuais ba mhó sa bhliain amach, €7.4 milliún, déanach i mí na Nollag. Rinneadh milliúnaithe Lotto de 24 duine eile i 2006 agus bhí 264 buaiteoirí ann sa chatagóir Match 5 móide bónas. Bhuaiigh imreoirí Lotto iomlán de €129.6 milliún mar dhuaiseanna

It was glamour time in the bath when Ruth Griffin climbed into a bath filled with money, not bubbles, to celebrate a Lotto rollover jackpot of €4.5 million on Saturday 22 July, 2006.

Tráth draíochta san fholcadán a bhí ann nuair a dhreap Ruth Griffin isteach i bhfolcadán a bhí lán, ní le boilgeoga, ach le hairgead, chun buaicdhuais thar-ollta de €4.5 milliún ar an Satharn 22 Iúil, 2006, a cheiliúradh.



In 2006, sales of Lotto Plus were €95.7 million, compared to €103.6 million in the previous year. The drop in sales compared to the previous year was as a result of the decline in Lotto for the first 10 months of the year. However, the number of players participating in the Lotto Plus games increased from 80% to 82% of all Lotto players during the year, further consolidating this game as an integral part of Lotto.

Changes to Lotto Plus games were introduced towards the end of the year when the top prizes of both games were increased – the Lotto Plus 1 Top Prize increased to €350,000, from €300,000, while the Lotto Plus 2 Top Prize increased to €250,000, from €200,000. Prices for Lotto Plus games were held at 50 cent per play. Throughout the year there were 79 winners of Lotto Plus top tier prizes and a further 366 winners of the Match 5 plus bonus category.

Sales of Lotto 5-4-3-2-1 increased by 1.3% to €11.2 million as this loyal group of players continued to play an option that offers them better chances of winning more, but smaller, prizes. Prizes of €7.3 million were returned to players representing an overall prize payout level for the game of 65.8%.

EuroMillions

The EuroMillions game was a key driver of our success during 2006 as its popularity continued to grow with Irish people. This game more than doubled its sales to €145.3 million, up from €59.1 million in the previous year. EuroMillions plays an important role in the development of our business as it appeals to a broader player base. Its popular Friday night draw not alone appeals to existing players, but has also attracted a whole new group of National Lottery players.

While the EuroMillions game is played in nine European countries, it is important to note that it is managed and operated by the National Lottery in Ireland and that, in common with other games, 32% of all money spent on the game here goes directly to Irish good causes. On this basis, in 2006 alone the amount raised for Irish good causes from EuroMillions was €46.5 million. That's almost €1 million per week for allocation to good causes throughout Ireland. During the year we had two exceptionally high EuroMillions rollovers. In February the jackpot reached a record €183.6 million and then in November, we had a €183.1 million jackpot draw. Ireland's EuroMillions luck continued as we had two Irish winners among 20 winners across Europe who shared that jackpot. Two lucky couples, one from Foynes, Co Limerick and one from Cork, each won €9.6 million for their Match 5 plus one Lucky Star wins, when the jackpot cascaded down to the next prize level on 17 November.

le linn na bliana, ina measc buaicdhuais speisialta don Nollaig de €1 milliún agus duaiseanna dúbailte do Match 5 do dheireadh seachtaine na Féile Pádraig.

I 2006, bhí díolachán de €95.7 milliún ar Lotto Plus, i gcomparáid le €103.6 milliún an bhliain roimhe sin. Bhí an titim ar an díolachán i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin mar thoradh ar mheath i Lotto don chéad 10 mí den bhliain. In ainneoin sin, mhéadaigh líon na n-imreoirí a ghlac páirt i gcluichí Lotto Plus mar chéatadán d'imreoirí uile Lotto ó 80% go 82% le linn na bliana – a dheimhnigh an cluiche mar dhúlthchuid de Lotto.

Tugadh isteach athruithe ar chluichí Lotto Plus i dtreo dheireadh na bliana nuair a méadaíodh na barrdhuaiseanna don dá chluiche. Méadaíodh an bharrdhuais do Lotto Plus 1 go €350,000 ó €300,000, agus barrdhuais Lotto Plus 2 go €250,000 ó €200,000. Coinníodh praghsanna do chluichí Lotto Plus ar 50c in aghaidh an imeartha. Le linn na bliana bhí 79 buaitéoir ann de dhuaiseanna ardleibhéil Lotto Plus agus 366 buaitéoir eile sa chatagóir Match 5 móide bónas.

Tháinig méadú 1.3% go €11.2 milliún ar dhíolachán Lotto 5-4-3-2-1 nuair a lean an buíon dílis seo imreoirí de bheith ag roghnú an chluiche seo a thugann seansanna níos fearr dóibh ar dhuaiseanna níos lú a bhuachan. Fuair imreoirí duaiseanna ar luach €7.3 milliún arbh ionann é agus leibhéal fócaíocht duaise de 65.8% don chluiche.

EuroMillions

Eochair-ghné d'ár rath i 2006 ba ea EuroMillions toisc gur fhás an dúil sa chluiche i measc mhuintir na hÉireann. Bhí breis is dúbailt ar an díolachán, é méadaithe go €145.3 milliún le hais €59.1 milliún sa bhliain roimhe sin. Tá ról tábhachtach ag EuroMillions i bhforbairt ár ngnó toisc go bhfuil mealladh aige do raon níos leithne imreoirí. Ní hamháin go meallann crannchur móréilimh oíche Dé hAoine na himreoirí reatha ach tá éirithe leis grúpa iomlán nua imreoirí a mhealladh chuig an Crannchur Náisiúnta.

Siúd is go bhfuil EuroMillions á imirt i naoi dtír Eorpacha, tá sé tábhachtach a choimeád in aigne go bhfuil sé á reáchtáil agus á bhainistiú in Éirinn ag an gCrannchur Náisiúnta agus, dála na gcluichí eile, caitear 32% den airgead uile a chaitear ar an gcluiche anseo ar dhea-chúiseanna Éireannacha. Ar an mbonn seo, b'é €46.5 milliún an tsuim a cruinníodh ó EuroMillions do dhea-chúiseanna Éireannacha is ionann seo agus beagnach €1 milliún sa tseachtain la dáileadh ar dhea-chúiseanna ar fud na hÉireann. Le linn na bliana bhí dhá thar-rolladh EuroMillions an-arda againn. I mí Feabhra shroich an bhuaicdhuais barrfhigiúr de €183.6 milliún agus ansin i mí na Samhna bhí crannchur

Andrea Roche celebrates the bubbly €183 million EuroMillions Jackpot on 17 November, 2006 with a champagne fountain poured by top Irish sommelier Ian Brosnan.

Ceiliúránn Andrea Roche Buaicdhuais bhoilgeogach EuroMillions de €183 milliún ar 17 Samhain, 2006 le scairdeán champagne a dhoirt scoth sommelier Éireannach, Ian Brosnan.



Review of Operations

Athbhreithniú Oibríochta

In 2006, €72.7 million in prizes was won by EuroMillions winners in Ireland. In addition €17.5 million in jackpot prizes was paid from a central European prize fund, giving an overall prize total of €90.2 million for the year. The game now accounts for 21.4% of our total sales and each week, on average, prizes to the value of €1.4 million were shared among 50,000 Irish EuroMillions winners. In addition to the two €9.6 million winners we had a further eight Match 5 plus 1 players winning an average of €450,000 each.

TellyBingo

TellyBingo sales were a significant €14.5 million in 2006 as a base of around 70,000 players continued to enjoy and support this entertaining niche game. The reduction in sales, from €18.7 million in the previous year, was mainly attributable to the lunchtime TV scheduling of the show which gives players less time to buy their tickets on the mornings of the game.

However, TellyBingo remains a very popular Tuesday and Friday game with a loyal group of players who won a total of over 1.3 million individual prizes during the year. The biggest winner of all was a woman from Roscommon who won €65,000 in a snowball prize in October. She was one of 19 snowball winners during the year. In total €10.2 million was paid out in Tellybingo prizes in 2006.

Scratchcard Games

Scratchcard games generated sales of €157.4 million compared to €161.5 million in 2005. Average sales per week were just over €3 million, with 62% of sales or €97.6 million returned to players in prizes. The popularity of scratchcard games ensured that this sector accounts for 23% of our business, second only to Lotto in value.

During the year we reviewed our scratchcard game policy and took a number of steps to increase the popularity of the individual games with players.

The number of scratchcard games available to players in 2006 expanded quite significantly with a total of 20 innovative new games launched. These were in addition to seven ever popular ongoing games such as All Cash and All Cash Gold continuing throughout the year.

buaicdhuaise againn ar €183.1 milliún. Lean rath na hÉireann nuair a bhí beirt bhuaiteoir Éireannach i measc 20 buaiteoir ar fud na hEorpa ar roinneadh an bhuaicdhuais orthu. Bhuaiú dhá lánúin rathúla, ceann ó Fhaing, Co. Luimnigh, agus ceann ó Chorcaigh €9.6 milliún an ceann dá mbua Match 5 plus Lucky Star, nuair a thit an bhuaicdhuais síos go dtí an chéad leibhéal eile duaise ar 17 Samhain.

I 2006, bhuaigh buaiteoirí EuroMillions in Éirinn luach €72.7 milliún de dhuaiseanna. De bhreis air sin, íocadh luach €17.5 milliún de dhuaiseanna buaicdhuaise ó dhuaischiste lánach Eorpach. B'ionann é seo agus luach €90.2 milliún de dhuaiseanna ina iomláine don bhliain. Tugann an cluiche anois 21.4% dár ndíolachán iomlán agus gach seachtain, mar mheán, roinneadh duaiseanna dar luach €1.4 milliún thar 50,000 buaiteoir Éireannach i EuroMillions. De bhreis ar an mbeirt bhuaiteoir de €9.6 milliún bhí ocht n imreoir Match 5 plus 1 eile againn a bhuaigh mar mheán €450,000 an duine.

TellyBingo

Bhain díolachán TellyBingo suim shuntasach de €14.5 milliún amach i 2006 nuair a lean bunghrúpa de thart faoi 70,000 imreoir de bheith ag tacú leis agus ag baint taitneamh as an gcluiche nideoige seo. Sceidealú an tseó ag am lóin ba chúis leis an gcuid is mó den titim ó €18.7 milliún an bhliain roimhe sin toisc go raibh níos lú ama ag imreoirí a gcuid ticéad a cheannach maidin an chluiche.

In ainneoin sin, cluiche mórélímh é TellyBingo i gcónaí le grúpa dílis imreoirí a bhuaigh níos mó ná 1.3 milliún duais le linn na bliana. Ba bhean Ros Comáin an buaiteoir ba mhó: bhain sí duais snowball de €65,000 mí Dheireadh Fómhair. Ba dhuine í de 19 buaiteoir snowball le linn na bliana. Díoladh iomlán de €10.2 milliún mar dhuaiseanna TellyBingo i 2006.

Cluichí Scriobchártaí

Tá próiseas leanúnach ann chun na rioscaí suntasacha, a gcaitheann an Comhlacht aghaidh a thabhairt orthu, a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú. Tá an próiseas seo bunaithe ar Theoracha an Chomhchóid do stiúrthóirí a d'éisigh Institiúid na gCuntasóirí Cairte i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (Theoracha Turnbull). Athbhreithníonn na Stiúrthóirí iad ó am go chéile agus bhí feidhm leo le linn na tréimhse cuntasóirí suas go dtí an dáta ar a faomhadh na ráitis airgeadais.

Faoi réir na teorach a thugann coiste Turnbull, tá na Stiúrthóirí freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Chomhlachta. Ba chóir dóibh polasaithe cúl ar rialú inmheánach a shocrú, deimhniú a lorg go rialta a shásóidh iad go bhfuil an córas ag feidhmiú go héifeachtach agus ní mór dóibh a bheith sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh éifeachtach chun rioscaí a bhainistiú ar an dóigh a faomhadh. Ceaptar córas mar seo chun rioscaí gnó a bhainistiú seachas fáil réidh leo agus ní thig leis ach barántas réasúnta, seachas barántas iomlán, a thabhairt in aghaidh aon mhíríteas ábhartha nó cailteanas.

Lean na Stiúrthóirí de bheith ag athbhreithniú éifeacht chóras rialaithe airgeadais agus neamh-airgeadais an Chomhlachta, ina measc rialúcháin oibríoch agus oiriúna, bainistíocht rioscaí agus socrúithe rialaithe ardléibhéal an Chomhlachta. Mar chuid den athbhreithniú seo rinneadh meastóireacht ar rialúcháin inmheánacha na bainistíochta, ar dheimhniú ón mbainistíocht go leantar den rialú, ar thuairiscí ón iniúchóir inmheánach agus ar thuairiscí ón iniúchóir seachtach ar chúrsaí a aithníodh agus an obair reachtúil iniúchóireachta ar bun.

Tá an Comhlacht den tuairim gur eochair-ghníomhaíocht de chuid na bainistíochta é bainistiú cáiréiseach a dhéanamh ar rioscaí. Buneilimint in aon ghníomhaíocht é rioscaí gnó a bhainistiú chun deiseanna a thapú. Déantar é seo trí úsáid a bhaint as frámaíocht shimplí sholúbtha a chruthaíonn bealach buan agus seasmhach chun luachanna an Chomhlachta a chur i bhfeidhm. Ba chóir go mbeadh na rioscaí gnó seo, bídis ina rioscaí straitéiseacha, oibríoch, deacháile, airgeadais nó timpeallachta, intuigthe agus sofhéicthe. In aon chúinse ar leith, is é an comhthéacs gnó a shocraíonn leibhéal inghlactha rialú rioscaí agus cinn ghaolmhara.

Report of the Directors

Management is responsible for the identification and evaluation of significant risks and for the design and implementation of appropriate internal controls. These risks are assessed on an ongoing basis and are derived from a variety of external and internal sources. Management reports regularly to the Board on the key risks inherent in the business and on the way in which these risks are managed. Management also reports to the Board on any significant changes in the Company's business and on any risks associated with such changes. The process used to identify and manage key risks is an integral part of the internal control environment.

The key procedures which the Directors have established with a view to providing effective internal control are as follows:

- A clear focus on business objectives as determined by the Board after consideration of the statutory responsibilities and risk profile of the Company's business.
- A defined organisational structure with clear lines of responsibility, delegation of authority and segregation of duties designed to foster a beneficial control environment.
- A risk management process which considers the strategy and development of the business in the context of the annual budget process when financial plans and performance targets are set and reviewed by the Board in light of the Company's overall objectives.
- A report and control system which produces a comprehensive set of financial reports. The annual budget is approved by the Board. Key financial statistics are monitored by management on a daily basis. Actual results are reported monthly against budget and any significant adverse variances are examined and remedial action taken.
- Control procedures – comprehensive procedures manuals are maintained by the Company in respect of all its main activities. In particular, there are clearly defined limits and procedures for financial expenditure, including procurement and capital expenditure, and for all draw operations.
- Monitoring system – compliance with control objectives is monitored on an ongoing basis by management. The control system is also monitored by internal audit whose work is focused on the areas of greatest risk to the Company.

The Company has procedures to ensure that appropriate arrangements are in place for employees to be able to raise, in confidence, matters of possible impropriety, with suitable subsequent follow-up action. Reporting channels have been created whereby perceived wrongdoing may be reported orally and via post, telephone and email, anonymously if preferred.

Attendance at Board and Board Committee meetings

The following table shows the number of Board and Board Committee meetings held during the year ended 31 December, 2006 and the attendance records of individual Directors.

	Board meetings	Audit Committee meetings	Remuneration Committee meetings
Total number of meetings	11	4	3
Donal Connell	4 (4)	–	–
Dermot Griffin	6 (6)	–	–
James Hyland	9 (11)	4 (4)	–
Niamh McGowan	7 (11)	3 (4)	2 (3)
Micheál Ó' Muircheartaigh	9 (11)	3 (4)	3 (3)
Paraic O'Rourke	10 (11)	–	–
Barbara Patton	5 (6)	–	–
Ray Bates	5 (5)	–	–
Donal Curtin	6 (6)	–	3 (3)

Figure in brackets indicate maximum number of meetings in the period in which the individual was eligible to attend the Board/Committee meeting.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Ar an mbainistíocht atá an fhreagracht chun rioscaí suntasacha a aithint agus a mheas agus as rialúcháin inmheánacha cuí a cheapadh is a chur i bhfeidhm. Déantar meastóireacht leanúnach ar na rioscaí seo agus i bunaithe ar raon foinsí inmheánacha agus seachtacha. Tuariscíonn an bhainistíocht go rialta don Bhord ar na príomh-rioscaí a bhaineann leis an ngnó agus ar an tslí ina ndéantar bainistiú ar na rioscaí. Tuariscíonn an bhainistíocht don Bhord freisin ar athruithe suntasacha i ngnóthaí an Chomhlachta agus aon rioscaí a eascraíonn as na hathruithe seo. Dlúthchuid den timpeallacht inmheánach rialaithe é an próiseas a úsáidtear chun na príomh-rioscaí a aithint agus a bhainistiú.

Seo a leanas na príomh-ghnáthaimh a cheap na Stiúrthóirí chun rialú inmheánach éifeachtach a chinntiú:

- Na príomhchuspóirí gnó, mar atá leagtha amach ag an mBord, a thabhairt chun cruinne agus na freagrachtaí reachtúla is próifil riosca an Chomhlachta tugtha san áireamh.
- Struchtúr sainithe eagraíochta le línte soiléire freagrachta, tarmligeán údarás agus dealú dualgas a cheapadh chun timpeallacht tairbheach rialaithe a chothú.
- Próiseas bainistiú rioscaí a thugann san áireamh straitéis agus forbairt an ghnó i gcomhthéacs próiseas bliantúil an bhuiséid nuair a leagann an Bord amach is mar a athbhreithníonn sé pleananna airgeadais agus spriocanna feidhmithe i gcomhthéacs chuspóirí foriomlána an Chomhlachta.
- Córas tuairiscithe agus rialaithe a chuireann ar fáil tacar uileghabhálach de thuariscí airgeadais. Faomhann an Bord an buiséad bliantúil. Déanann an bhainistíocht meastóireacht go laethúil ar eochair-staitisticí airgeadais. Tuariscítear na torthaí iarbhire míosúla i gcomparáid leis an mbuiséad agus scrúdaítear difríochtaí substaintiúla diúltacha agus féachtar le hiad a cheartú.
- Gnáthaimh rialaithe – coinneáil an Comhlachta lámhleabhair chuimsitheacha gnáthaimh ar a phríomh-imeachtaí uile. Tá, ach go háirithe, teorainneacha agus gnáthaimh leagtha amach go soiléir faoi chaiteachas airgid. Áirítear anseo soláthairtí, caiteachas caipitil agus reachtáil na gcrannchur.
- Córas faireacháin – déanann bainistíocht an Chomhlachta faireachán ar chomhlíonadh na gcuspóirí rialaithe ar bhonn leanúnach. Déantar faireachán ar an gcóras rialaithe freisin trí iniúchadh inmheánach a dhéanamh ar na gnéithe úd is mó riosca don Chomhlacht.

Tá gnáthaimh i bhfeidhm ag an gComhlacht a chinntíonn gur féidir le fostaithe ceisteanna faoi aon iompar míchuí, a fhéadfadh a bheith ann, a ardú faoi dhiscréid agus go leantar an cheist ansin ar bhealach cuí. Tá bealaí tuairiscithe ceaptha trínar féidir aon iompar míchuí, a mheastar a bheith ann, a thuariscíú de bhéal, tríd an bpost, thar an teiléafón nó i ríomhphost, agus é sin gan ainm a thabhairt más fearr sin.

Freastal ar chruinnithe de chuid an Bhoird agus Choistí an Bhoird

Léiríonn an tábla thíos líon na gcruinnithe a bhí ag an mBord agus ag a chuid Coistí le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig, 2006 maille leis an bhfreastal a rinne gach Stiúrthóir.

	Cruinnithe Boid	Cruinnithe an Choiste Iniúcháin-reachta	Cruinnithe an Choiste Luach Saothair
Líon iomlán na gcruinnithe	11	4	3
Donal Connell	4 (4)	–	–
Dermot Griffin	6 (6)	–	–
James Hyland	9 (11)	4 (4)	–
Niamh McGowan	7 (11)	3 (4)	2 (3)
Micheál Ó' Muircheartaigh	9 (11)	3 (4)	3 (3)
Paraic O'Rourke	10 (11)	–	–
Barbara Patton	5 (6)	–	–
Ray Bates	5 (5)	–	–
Donal Curtin	6 (6)	–	3 (3)

Léiríonn an figiúr faoi lúbíní líon iomlán na gcruinnithe le linn na tréimhe nuair a bhí an duine i dteideal freastal ar chruinnithe den Bhord/Choiste.

Report of the Directors

Directors' remuneration

The remuneration of the National Lottery Director is subject to the approval of the Remuneration Committee of the Company. The objective is to maintain the remuneration of the National Lottery Director at a level which is attractive to the individual while, at the same time, representing value for money for the Company. A proportion of the National Lottery Director's remuneration is performance related and, in this way, is linked to the Company and individual objectives.

Fees for Directors are determined by the Minister for Finance.

No Director has a service contract with the Company.

During the year, the Remuneration Committee comprised Donal Connell, Niamh McGowan, Micheál Ó' Muircheartaigh and Donal Curtin. Up to the date of his resignation on 13 July, 2006, Donal Curtin acted as Chairman of the Committee. Donal Connell joined the Committee as Chairman on 29 August, 2006. When necessary, non-Committee members are invited to attend. The Committee's principal responsibilities are:

- to determine, on behalf of the Board, the remuneration and other terms and conditions of employment of the National Lottery Director;
- to determine, on behalf of the Board, the pay structures and terms and conditions of other senior personnel (as identified by the Chairman of the Board);
- to act, on behalf of the Board, and take all decisions related to pay and pay related matters, as the Chairman of the Board shall determine; and
- to consider any other matters considered by the Committee to be relevant to the foregoing.

The disclosures made in these financial statements relating to Directors' emoluments and pension information are those required under the Irish Companies Acts, 1963 to 2006.

The Audit Committee

During the year, the Audit Committee comprised James Hyland, Niamh McGowan and Micheál Ó' Muircheartaigh. James Hyland acts as Chairman of the Committee. All the members of the Committee are independent non-executive Directors.

Members of the Committee bring to it a wide range of experience from senior positions in business and includes the managing partner of an accounting practice.

Under its terms of reference, the Audit Committee monitors the integrity of the Company's financial statements. The Committee is responsible for monitoring the effectiveness of the external audit process and making recommendations to the Board in relation to the appointment, re-appointment and remuneration of the external auditors. It is responsible for ensuring that an appropriate relationship between the Company and the external auditors is maintained, including reviewing non-audit services and fees. As a result of regulatory or similar requirements, it is necessary to employ the Company's external auditors for certain audit related and non-audit services. In order to maintain the independence of the external auditors, the Committee has determined policies as to what audit related and non-audit services can be provided by the Company's external auditors and the approval process related to these services. In particular, the Board considers it appropriate that independent observer and draw related services, which are the principal constituent of audit related fees paid, be performed by the external auditors. Under these policies, work of a consultancy nature will not be offered to the external auditors unless there are clear efficiencies and value added benefits to the Company while ensuring that the objectivity and independence of the external auditors is maintained. The Committee monitors the level of fees paid to the external auditors.

The Committee reviews annually the Company's systems of internal control and the processes for monitoring and evaluating the risks facing the Company.

The Committee meets with management, as well as privately with the external auditors.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Luach saothair na Stiúrthóirí

Ní mór do Choiste Luach Saothair an Chomhlachta luach saothair Stiúrthóir an Chrannchuir Náisiúnta a fhaomhadh. Tá sé mar chuspóir luach saothair Stiúrthóir an Chrannchuir Náisiúnta a choinneáil ar leibhéal a bheadh mealltach dó agus, ag an am céanna, a thabharfadh luach maith airgid don Chomhlacht. Íoctar sciar de luach saothair Stiúrthóir an Chrannchuir Náisiúnta de réir feidhmíochta agus, ar an dóigh seo, tá baint aige le cuspóirí an Chomhlachta agus leis an duine aonair.

Is é an tAire Airgeadais a shocraíonn táillí na Stiúrthóirí.

Níl conradh seirbhíse ag aon Stiúrthóir leis an gComhlacht.

Le linn na bliana b'iad Donal Connell, Niamh McGowan, Micheál Ó' Muircheartaigh agus Donal Curtin comhaltaí an Choiste Luach Saothair. Go dtí gur éirigh sé as an gCoiste ar 13 Iúil, 2006 d'fheidhmigh Donal Curtin mar Chathaoirleach an Choiste. Tháinig Donal Connell ar an gCoiste ar 29 Lúnasa, 2006 mar Chathaoirleach. Nuair ba ghá tugadh cuireadh do chomhaltaí nár bhaill den Choiste iad freastal ar chruinnithe. Seo a leanas príomh-fhreagrachtaí an Choiste:

- socruithe a dhéanamh, thar ceann an Bhoird, faoi luach saothair agus téarmaí is coinníollacha eile fostaíochta Stiúrthóir an Chrannchuir Náisiúnta;
- an struchtúr tuarastail is téarmaí oibre agus coinníollacha fostaíochta chomhaltaí sinsearacha eile foirne (mar a aithníonn Cathaoirleach an Bhoird iad) a shocrú;
- gníomhú thar ceann an Bhoird, agus na cinntí uile a ghlacadh faoi thuarastal agus faoi nithe gaolmhara, de réir mar a chinneann Cathaoirleach an Bhoird; agus
- meastóireacht a dhéanamh ar nithe eile a shíleann an Coiste a bheith ábhartha do na gnóthaí thuasluaite.

Is éard atá san fhaisnéisiú atá déanta sna ráitis airgeadais seo a bhaineann le luach saothair nó le heolas pinsin na Stiúrthóirí ná an faisnéisiú a éilítear faoi Actanna na gCuideachtaí 1963 go 2006 in Éirinn.

An Coiste Iniúchóireachta

Le linn na bliana b'iad James Hyland, Niamh McGowan agus Micheál Ó' Muircheartaigh comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta. James Hyland a fheidhmíonn mar Chathaoirleach ar an gCoiste. Stiúrthóirí neamh-feidhmiúcháin neamhspleácha iad comhaltaí uile an choiste.

Tá taitheí leathan ag comhaltaí an choiste de bharr poist thábhachtacha sa saol gnó a bheith acu, ina measc comhpháirtí bainistíochta i gcleachtas cuntasaíochta.

Faoina théarmaí tagartha, déanann an Coiste Iniúchóireachta faireachán ar ionracas ráitis airgeadais an Chomhlachta. Tá an Coiste freagrach as faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht phróiseas an iniúchta seachtarigh agus as moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird maidir le ceapadh, athcheapadh agus luach saothair na n-iniúchóirí seachtaracha. Tá sé freagrach chomh maith as deimhín a dhéanamh de go gcoimeádtar gaol cuí idir an Comhlacht agus na hiniúchóirí seachtaracha agus athbhreithniú ar sheirbhísí is ar tháillí neamh-iniúchóireachta san áireamh. De bharr riachtanais rialacháin nó cinn dá shórt, is gá iniúchóirí seachtaracha an Chomhlachta a fhóstu le haghaidh seirbhísí áirithe a bhaineann leis an iniúchadh agus cinn neamh-iniúchóireachta. Chun go gcaomhnófaí neamhspleáchas na n-iniúchóirí seachtaracha, rianaigh an Coiste Iniúchóireachta polasaithe faoi na seirbhísí, idir sheirbhísí a bhaineann leis an iniúchadh agus sheirbhísí neamh-iniúchóireachta, a fhéadfadh iniúchóirí seachtaracha an Chomhlachta a sholáthar agus faoin bpróiseas chun na seirbhísí seo a fhaomhadh. Measann an Bord, ach go háirithe, go bhfuil sé cuí gurb iad na hiniúchóirí seachtaracha a sholáthródh seirbhísí mar bhreathnadóir neamhspleách agus seirbhísí a bhaineann leis an gcrannchur. De réir na bpolasaithe seo, ní dhéantar obair chomhairleoireachta a thairiscint do na hiniúchóirí seachtaracha mura bhfuil buntáistí soiléire éifeachtachta agus breisluacha le fáil ag an gComhlacht agus oibiachtúlacht is neamhspleáchas na n-iniúchóirí seachtaracha a bheith slán i gcónaí. Déanann an Coiste faireachán ar leibhéal na dtáillí a íoctar leis na hiniúchóirí seachtaracha.

Athbhreithníonn an Coiste go bliantúil córais rialaithe inmheánaigh an Chomhlachta agus na modhanna chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a gcaitheann an Comhlacht aghaidh a thabhairt orthu.

Buaileann an Coiste leis an mbainistíocht agus freisin go príobháideach leis na hiniúchóirí seachtaracha.

Report of the Directors

In 2006, the Committee discharged its responsibilities by:

- reviewing the Company's draft financial statements prior to Board approval and meeting and reviewing with the external auditors their reports thereon;
- reviewing the appropriateness of the Company's accounting policies;
- reviewing the potential impact on the Company's financial statements of certain matters such as the revision of the Lotto matrix;
- reviewing the resources of internal audit, approving the internal audit plans, reviewing internal audit reports and dealing with control issues raised by the internal auditors;
- reviewing and approving the audit fee and reviewing non-audit fees payable to the Company's external auditors;
- reviewing the external auditors' plan for the audit of the Company's financial statements, confirmations of auditor independence and the proposed audit fee, and approving the terms of engagement for the audit;
- considering the adequacy of the Company's system of risk identification and assessment;
- reviewing an annual report on the Company's systems of internal control and its effectiveness, reporting to the Board on the results of the review and receiving regular updates on key risk areas of financial control;

Nomination Committee

As all the authority regarding the appointment of Directors is vested with the Minister for Finance, the matter of constituting a nomination committee is not required to be considered by the Board.

Compliance statement

The Board has developed its corporate governance policy so as to give effect to the Code of Practice for the Governance of State Bodies issued by the Department of Finance and to apply as appropriate the relevant main and supporting principles of good governance in the 2003 Combined Code issued by the Financial Reporting Council in the UK.

The Directors confirm that the Company has been in compliance with the relevant main and supporting principles of the 2003 Combined Code and Code of Best Practice for the Governance of State Bodies throughout the financial year under review, with the exception of a number of areas noted above where voluntary compliance with the 2003 Combined Code is not considered appropriate for the Company given the manner of appointment of Directors, the shareholding structure of the Company and existing Board procedures.

Going Concern

During the year, the Minister for Finance granted an extension of the licence for the operation of the National Lottery to the Company. This licence now expires on 31 December, 2010. The Directors have reviewed the Company's business plan and other relevant information including the terms of the licence for the operation of the National Lottery. On that basis, the Directors have a reasonable expectation that the Company will continue in operational existence for the foreseeable future. For this reason, the Directors continue to adopt the going concern basis in preparing the financial statements.

Accounting Records

The Directors believe that they have complied with the requirements of Section 202 of the Companies Act, 1990 with regard to books of account by employing accounting personnel with appropriate expertise and by providing adequate resources to the financial function. The books of account of the Company are maintained at Lower Abbey Street, Dublin 1.

7. Auditors

KPMG, Chartered Accountants, continue in office in accordance with Section 160(2) of the Companies Act, 1963.

On behalf of the Board

Donal Connell
Chairman

Dermot Griffin
Director

20 February, 2007

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Le linn 2006 chomhlíon an Coiste a chuid dualgas trí:

- athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht-ráitis airgeadais an Chomhlachta sular dheimhneodh an Bord iad a fhaomhadh agus trí chasadh ar na hiniúcháirí seachtaracha is a dtuairiscí ar na ráitis airgeadais a athbhreithniú i bpáirt leo;
- oiriúnacht pholasaithe cuntasáiochta an Chomhlachta a athbhreithniú;
- an éifeacht fhéideartha a fhéadfadh a bheith ag rudaí áirithe, dála leasú mhaitris an Lotto, ar ráitis airgeadais an Chomhlachta a athbhreithniú;
- acmhainní an iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú, pleananna an iniúchta inmheánaigh a fhaomhadh, tuairiscí an iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú agus déileáil le ceisteanna suntasacha a thógann na hiniúcháirí inmheánacha;
- táillí an iniúchta agus táillí neamh-iniúchóireachta, iniúchta le hiniúcháirí seachtaracha an Chomhlachta, a athbhreithniú is a fhaomhadh;
- athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna na n-iniúcháirí seachtaracha chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chomhlachta, ar dheimhneacht ar neamhspleáchas na n-iniúcháirí is ar an táille a mholtar don iniúchadh agus ar théarmaí an chonartha don iniúchadh;
- leormhaitheas chóras an Chomhlachta chun rioscá a aithint is a thomhas, a mheas;
- tuairisc bhliantúil ar chórais an Chomhlachta um rialú inmheánach agus a éifeachtúlacht a athbhreithniú, tuairisc a thabhairt don Bhorad ar thorthaí an athbhreithnithe agus tuairiscí suas-chun-dáta a fháil go rialta ar eochair-ghnéithe riosca den rialú airgeadais;

Coiste Ainmniúcháin

Toisc go bhfuil iomlán an údarais a bhaineann le ceapadh Stiúrthóirí dílisithe san Aire Airgeadais ní gá don Bhorad déileáil le coiste ainmniúcháin a bhunú.

Ráiteas Comhlíonta

D'fhorbair an Bord a pholasaí ar rialachas corparáide le go mbeadh feidhm ag an gCód Sárchleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais agus chun feidhm a thabhairt nuair is cuí do phríomhphrionsabail agus do phrionsabail thacaíochta ábhartha um dhea-rialachas atá sa Chomhlachód a d'eisigh an Financial Reporting Council sa Ríocht Aontaithe i 2003.

Dearbhaíonn na Stiúrthóirí gur chomhlíon an Comhlacht príomhphrionsabail agus prionsabail thacaíochta ábhartha Chomhlachód 2003 agus an Chóid Shárchleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit le linn na bliana airgeadais atá faoi chaibidil, ach amháin i gcás líon áirithe réimsí a luadh thuas nuair a measadh nach mbeadh comhlíonadh deonach Chomhlachód 2003 cuí don Chomhlacht nuair chuirtear san áireamh an tslí ina cheaptar na Stiúrthóirí, struchtúr scairseilbhe an Chomhlachta agus gnáthaimh reatha an Bhoird.

Gnóthas Leantach

Le linn na bliana dheonaigh an tAire Airgeadais don Chomhlacht síneadh leis an gceadúnas chun an Crannchur Náisiúnta a réachtáil. Tíocfaidh tréimhse an gceadúnais chun deiridh anois ar 31 Nollaig, 2010. D'athbhreithnigh na Stiúrthóirí plean gnó an Chomhlachta agus eolas ábhartha eile, ina measc an ceadúnas a thug an tAire Airgeadais don Chomhlacht chun an Crannchur Náisiúnta a réachtáil. Ar an mbonn sin, tá ionchas réasúnta ag na Stiúrthóirí go leanfaidh an Comhlacht de bheith ag feidhmiú go ceann i bhfad. Ar an gcúis sin, leanann na Stiúrthóirí orthu de bheith ag ullmhú na ráiteas airgeadais ar an mbonn gur gnóthas leantach í an Comhlacht.

Taifid Chuntasáiochta

Creideann na Stiúrthóirí gur chomhlíon siad riachtanais Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 i dtaca leis na leabhair chuntasáiochta trí fhoireann cuntasáiochta, leis an saineolas cuí, a fhostú agus trí dhóthain acmhainní a chur ar fáil do na feidhmeanna cuntasáiochta. Coinnítear leabhair chuntasáiochta an Chomhlachta ag Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

7. Iniúcháirí

Leanann KPMG, Cuntasóirí Cairte, orthu in oifig faoi réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an Bhoird

Donal Connell
Cathaoirleach

Dermot Griffin
Stiúrthóir

20 Feabhra, 2007

Statement of Directors' Responsibilities

The Directors are responsible for preparing the Annual Report and financial statements in accordance with applicable law and regulations.

Company law requires the Directors to prepare financial statements for each financial year. Under that law, the Directors have elected to prepare the Company's financial statements in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland, comprising applicable Irish law and the accounting standards issued by the UK Accounting Standards Board and promulgated by the Institute of Chartered Accountants in Ireland.

The Company's financial statements are required by law to give a true and fair view of the state of affairs of the Company and of the profit or loss of the Company for that period.

In preparing those financial statements, the Directors are required to:

- select suitable accounting policies and then apply them consistently;
- make judgements and estimates that are reasonable and prudent; and
- prepare the financial statements on the going concern basis unless it is inappropriate to presume that the Company will continue in business.

The Directors are responsible for keeping proper books of account which disclose with reasonable accuracy at any time the financial position of the Company and to enable them to ensure that the financial statements comply with the Companies Acts, 1963 to 2006. They are also responsible for taking such steps as are reasonably open to them to safeguard the assets of the Company and to prevent and detect fraud and other irregularities.

The Directors are also responsible for preparing a Directors' Report that complies with the requirements of the Companies Acts 1963 to 2006.

The Directors are responsible for the maintenance and integrity of the corporate and financial information included on the Company's website. Legislation in the Republic of Ireland governing the preparation and dissemination of financial statements may differ from legislation in other jurisdictions.

On behalf of the Board

Donal Connell
Chairman

Dermot Griffin
Director

20 February, 2007

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú faoi réir dhlíthe agus rialacháin infheidhmithe.

Éilíonn dlí chuideachtaí go n-ullmhóidh na Stiúrthóirí ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais. Shocraigh na Stiúrthóirí faoin dlí sin ráitis airgeadais a réiteach a bheadh ag teacht leis na Cleachtais Chuntasáiochta, a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, a chuimsíonn dlí infheidhmithe na hÉireann agus na caighdeán chuntasáiochta a d'eisigh an UK Accounting Standards Board agus a d'fhoilsigh Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Éilítear faoin dlí go dtabharfadh ráitis airgeadais an Chomhlachta tuairisc fíor agus cothrom ar staid chúrsaí an Chomhlachta agus ar bhrabús nó ar chailleanas an Chomhlachta i rith na tréimhse sin.

Mar chuid de ullmhúcháin na ráiteas airgeadais seo, tá sé de dhualgas ar na Stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasáiochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i gcrích go rialta;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin nuair atá sé neamhoiriúnach a cheapadh go leanfaidh an Comhlacht ar aghaidh mar ghnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chúí a choinneáil ag léiriú go réasúnta beacht ag am ar bith staid airgeadais an Chomhlachta agus a thabharfadh seans dóibh a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2006. Tá siad freagrach i gcoitinne as pé céimeanna atá riachtanach a thógáil chun sócmhainní an Chomhlachta a chosaint agus chun aon chalaos nó aon mhírialtacht a thabhairt faoi deara agus a stopadh.

Tá na Stiúrthóirí freagrach chomh maith as Tuarascáil Stiúrthóirí a réiteach a chomhlíonann forálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2006.

Tá na Stiúrthóirí freagrach chomh maith as cothabháil agus as sláine an eolais chorpóraide agus airgeadais a chuimsítear ar shuíomh gréasáin an Chomhlachta. Is féidir go bhfuil difríochtaí idir reachtaíocht Phoblacht na hÉireann maidir le réiteach agus le dáileadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird

Donal Connell
Cathaoirleach

Dermot Griffin
Stiúrthóir

20 Feabhra, 2007

Report of the Independent Auditor

To the members of An Post National Lottery Company

We have audited the financial statements of An Post National Lottery Company for the year ended 31 December, 2006 which comprise the Profit and Loss Account, the Balance Sheet, the Cash Flow Statement and the related notes. These financial statements have been prepared under the accounting policies set out therein.

This report is made solely to the Company's members, as a body, in accordance with Section 193 of the Companies Act, 1990. Our audit work has been undertaken so that we might state to the Company's members those matters we are required to state to them in an auditors' report and for no other purpose. To the fullest extent permitted by law, we do not accept or assume responsibility to anyone other than the Company and the Company's members as a body, for our audit work, for this report, or for the opinions we have formed.

Respective Responsibilities of Directors and Auditors

The Directors responsibilities for preparing the Annual Report and the financial statements in accordance with applicable law and the accounting standards issued by the Accounting Standards Board and promulgated by the Institute of Chartered Accountants in Ireland (Generally Accepted Accounting Practice in Ireland), are set out in the Statement of Directors' responsibilities.

Our responsibility is to audit the financial statements in accordance with relevant legal and regulatory requirements and International Standards on Auditing (UK and Ireland).

We report to you our opinion as to whether the financial statements give a true and fair view in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland and are properly prepared in accordance with the Companies Acts, 1963 to 2006. We also report to you whether in our opinion: proper books of account have been kept by the Company; whether at the balance sheet date, there exists a financial situation requiring the convening of an extraordinary general meeting of the Company; and whether the information given in the Directors' Report is consistent with the financial statements. In addition, we state whether we have obtained all the information and explanations necessary for the purposes of our audit, and whether the financial statements are in agreement with the books of account.

We also report to you if, in our opinion, information specified by law regarding Directors' remuneration and transactions with the Company is not disclosed.

We read the Directors' Report and consider the implications for our report if we become aware of any apparent misstatements within it.

We review, at the request of the Directors, whether (1) the voluntary statement on pages 25 to 30 reflects the Company's compliance with the nine provisions of the 2003 FRC Combined Code that the Listing Rules of the Irish Stock Exchange specifies for review by Auditors, and (2) the statement on the system of internal control on page 27 reflects the Company's compliance with the provision of the Code of Best Practice for the Governance of State Bodies that is specified for review by Auditors and we report if those statements do not. We are not required to consider whether the Board's statements on internal control cover all risks and controls, or form an opinion on the effectiveness of the Company's corporate governance procedures or its risk and control procedures.

We read the other information contained in the Annual Report, including the corporate governance statement, and consider whether it is consistent with the audited financial statements. This information comprises only the Directors' Report, the Chairman's Statement and the Review of Operations. We consider the implications for our report if we become aware of any apparent misstatements or material inconsistencies with the financial statements. Our responsibilities do not extend to any other information.

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách

Do bhaill Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2006 ar a n-áirítear an Cuntas Brabúis agus Caillteanais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi réir na bpolasaithe cuntasáiochta atá leagtha amach iontu.

Is do chomhaltaí an Chomhlachta amháin, mar chomhlacht, faoi réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, a dhéantar an tuarascáil seo. Chuamar i mbun na hoibre iniúchta ionas go bhféadfaimis a lua le comhaltaí an Chomhlachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúcháir agus chun na críche sin amháin. Chomh fada agus is ceadmhach dúinn de réir dlí ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid chugainn féin freagracht do dhuine ar bith seachas don Chomhlacht agus do chomhaltaí an Chomhlachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí a dtángamar orthu.

Freagrachtaí Stiúrtóirí agus Iniúcháirí faoi seach

Tá freagrachtaí na Stiúrtóirí as ullmhú na Tuarascála Bliantúla agus na ráiteas airgeadais de réir dhlíthe oiriúnacha agus na gcleachtais cuntasáiochta, a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, ar a n-áirítear na caihdeáin chuntasáiochta atá eisithe ag an Auditing Practices Board agus atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrtóirí.

Is é an dualgas s'againne na ráitis airgeadais a iniúchadh faoi réir na riachtanas dlíthiúla agus rialaitheacha gaolmhara agus na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (Riocht Aontaithe agus Éire).

Tugaimid tuairisc ar ár dtuairimí daoibh faoi fhírinne agus faoi chothromas an léargais a thugann na ráitis airgeadais, faoi réir Chleachtais Chuntasáiochta, a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn agus cé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh i gceart iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2006. Tuairiscimid daoibh freisin ár dtuairimí faoi na hábhair seo a leanas: cé acu ar choinnigh nó nár choinnigh an comhlacht leabhair chuntais cearta; an bhfuil nó nach bhfuil staid airgeadais ann ar dháta an chláir comhardaithe a fhéadfadh dualgas a leagan ar an gcomhlacht cruinniú ginearálta urhghnách a thionól; agus an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dtuarascáil na stiúrtóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais. Thairis sin, deirimid cé acu an bhfuairamar nó nach bhfuairamar an t-eolas agus na minithe riachtanacha uile chun críche an iniúchta agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Deirimid libh freisin más ár dtuairim é nach bhfuil eolas a éilítear de réir dlí maidir le hiocaíocht agus le bearta na stiúrtóirí leis an gComhlacht tugtha.

Léimid tuarascáil na stiúrtóirí agus cuirimid ar an meá na himpleachtaí dár dtuarascáil má mheasaimid cuma mhíchruinn a bheith ar aon ráiteas inti.

Athbhreithnímid, ar iarratas na Stiúrtóirí, cé acu an sásaíonn nó nach sásaíonn (1) an ráiteas deonach ar leathanaigh 25 go 30 géilliúlacht an Chomhlachta i leith na naoi gcoinníoll de Chomhchód 2003 FRC a leagann Rialacha Liostála Stocmhalartán na hÉireann amach do Iniúcháirí agus iad i mbun athbhreithnithe agus (2) an ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh ar leathanach 27 géilliúlacht an Chomhlachta i leith an Chóid Scothchleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit atá luaite chun athbhreithnithe ag Iniúcháirí agus deirimid é mura sásaíonn na ráitis seo iad. Níl dualgas orainn a mheas cé acu an gclúdaíonn nó nach gclúdaíonn ráitis an Bhoird ar rialú inmheánach na rioscaí agus na rialaithe uile ná teacht ar thuairimí faoi éifeacht ghnáthaimh an Chomhlachta um rialachas inmheánach ná a ghnáthaimh um rioscaí agus rialaithe.

Léimid an t-eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, an ráiteas ar rialachas corparáideach san áireamh, agus féachaimid cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé ag teacht leis na ráitis airgeadais iniúchta. Ní áirítear anseo ach Tuarascáil na Stiúrtóirí, Ráiteas an Chathaoirligh agus an tAthbhreithniú Oibriúcháin. Cuirimid san áireamh na himpleachtaí dár dtuairisc má thagaimid ar aon ráiteas, a bhfuil cuma mhíchruinn air, nó ar aon neamh-chomhsheasmhacht ábhartha leis na ráitis airgeadais. Ní bhaineann ár bhfreagrachtaí le haon eolas eile.

Report of the Independent Auditor

To the members of An Post National Lottery Company

Basis of Audit Opinion

We conducted our audit in accordance with International Standards on Auditing (UK and Ireland) issued by the Auditing Practices Board. An audit includes examination, on a test basis, of evidence relevant to the amounts and disclosures in the financial statements. It also includes an assessment of the significant estimates and judgements made by the Directors in the preparation of the financial statements and of whether the accounting policies are appropriate to the Company's circumstances, consistently applied and adequately disclosed.

We planned and performed our audit so as to obtain all the information and explanations which we considered necessary in order to provide us with sufficient evidence to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or other irregularity or error. In forming our opinion we also evaluated the overall adequacy of the presentation of information in the financial statements.

Opinion

In our opinion, the financial statements:

- give a true and fair view, in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland, of the state of affairs of the Company as at 31 December, 2006 and of its surplus for the year then ended; and
- have been properly prepared in accordance with the Companies Acts, 1963 to 2006.

We have obtained all the information and explanations we considered necessary for the purposes of our audit. In our opinion, proper books of account have been kept by the Company. The financial statements are in agreement with the books of account.

In our opinion, the information given in the Report of the Directors on pages 24 to 30 is consistent with the financial statements.

The net assets of the Company, as stated in the balance sheet on page 37, are more than half of the amount of its called up share capital and, in our opinion, on that basis there did not exist at 31 December, 2006 a financial situation which, under Section 40(1) of the Companies (Amendment) Act, 1983, would require the convening of an extraordinary general meeting of the Company.



Chartered Accountants
Registered Auditor
1 Stokes Place, St Stephen's Green, Dublin 2
20 February, 2007

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha

Do bhaill Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist

Bunús Thuairim an Iniúchta

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (Riocht Aontaithe agus Éire) arna eisiúint ag an Auditing Practices Board. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus na faisnéisithe sna ráitis airgeadais. Áirítear ann freisin measúnú ar na meastacháin shuntasacha agus na breitheanna a thug na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, mar aon le measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáiochta do chúinsí an Chomhlachta, agus ar cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear na polasaithe sin i bhfeidhm go comhsheasmhach agus an nochtar go leordhóthanach iad.

Rinneamar ár n-iniúchadh a phleanáil agus a chur i gcrích ionas go bhfaighfí an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasamar ba ghá chun fianaise leordhóthanach a sholáthar dúinn le go mbeadh cinnteacht réasúnta ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó mírialtacht nó earráid eile ba chúis leis. Le linn dúinn teacht ar ár dtuairim rinneamar meastóireacht freisin ar dhóthanacht iomlán na slite inar léiríodh an fhaisnéis sna ráitis airgeadais.

An Tuairim

Is é ár dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar ghnóthaí an Chomhlachta, faoi réir na gCleachtas Cuntasáiochta, a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, mar a bhí ar an 31 Nollaig, 2006 agus ar a bharrachas don bhliain a chríochnaigh ansin; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2006.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasamar ba ghá i gcomhair ár n-iniúchta. Is é ár dtuairim gur choimeád an Comhlacht leabhair chuntais chúil. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanaigh 24 go 30 i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Tá glansócmhainní an Chomhlachta, mar atá luaite sa chlár comhardaithe ar leathanach 37, comhionann le méid is mó ná leath a scairchaipitil ghlaioite agus is é ár dtuairim ar an mbonn sin, nach raibh ar an 31 Nollaig, 2006 staid airgeadais ann a bheadh ina cúis le cruinniú ginearálta urghnách den Chomhlacht a thionól faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983.



Cuntasóirí Cairte
Iniúcháirí Cláraithe
1 Plás Stokes, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2
20 Feabhra, 2007

Accounting Policies

The following accounting policies have been applied consistently in dealing with items which are considered material in relation to the Company's financial statements.

1. Basis of Accounting

The financial statements are prepared under the historical cost convention in accordance with applicable law and Irish Generally Accepted Accounting practice which includes compliance with the financial reporting standards of the UK Accounting Standards Board as promulgated by The Institute of Chartered Accountants in Ireland.

2. Turnover

Turnover from the sale of National Lottery tickets is recognised as the tickets are sold, with adjustments being made for scratchcard ticket stocks held by agents and for Lotto/Lotto Plus/Lotto 5-4-3-2-1/EuroMillions multi draw tickets / advance tickets. Phone Play turnover comprises a portfolio of games where sales are recognised on a draw by draw basis.

All turnover is derived from and originates in Ireland.

3. Prizes

The prize structure complies with the requirements of Section 4(2) of the National Lottery Act, 1986 whereby, taking one year with another, not less than 40% of the total monies received by the Company in respect of the sale of National Lottery tickets shall be distributed in prizes. Prizes are provided for as revenue is recognised on the basis of the games particular prize structure and any difference between the total amount provided and the amounts actually distributed is included in Creditors in the balance sheet.

4. Advertising and Promotional Expenditure

Advertising and promotional expenditure is written off in full in the year in which the costs are incurred.

5. Leased Assets - Operating

Operating lease rentals are charged to the Profit and Loss Account on a straight line basis over the lease term.

6. Taxation

The Company is exempt from Corporation Tax under Section 220 Taxes Consolidation Act, 1997.

7. Fixed Assets - Tangible Assets

Tangible assets are shown as having no book value, as the total cost thereof to the Company is reimbursed out of the National Lottery Fund.

Accordingly, no depreciation is provided.

Under Section 17(1) (a) of the National Lottery Act, 1986, the Company holds these assets in trust for the State.

8. Fixed Assets - Financial Assets

Financial fixed assets are shown at cost less provisions for impairments in value. Income from financial fixed assets, together with any related tax credit, is recognised in the profit and loss account in the year in which it is receivable.

9. Stocks

Stocks comprise scratchcard ticket stocks and are valued at cost. Cost includes import duties, V.A.T. and transport costs. All unusable and obsolete stock is written off.

Polasaithe Cuntasaíochta

